

PREASEISIÚINT STAIRIMH

Éire, Thuaidh agus Theas: Próifil Staidrimh

Tá eagrán 2008 de *Éire, Thuaidh agus Theas: Próifil Staidrimh* curtha le chéile agus táirgthe ag Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Tuaisceart Éireann (NISRA) agus an Príomh-Oifig Staidrimh (CSO). Léiríonn *Éire, Thuaidh agus Theas: Próifil Staidrimh* na staidrimh chomparáideacha do Thuaisceart Éireann (TÉ) agus Poblacht na hÉireann (PÉ) thar raon réimsí beartais lena n-áirítear sláinte, oideachas, talmhaíocht, timpeallacht agus coireacht.

Seo a leanas mar atá cuid de na príomh-staidrimh sna caibidil éagsúla den *bPróifil*:

Staidrimh Bheatha agus Daonra

- I bPoblacht na hÉireann, léirigh Daonáireamh na bliana 2006 daonra de 4,239,848. An meastachán daonra do Thuaisceart Éireann i 2006 ná 1,741,619.
- I 2006, bhí an ráta breithe in aghaidh 1,000 daonra ag 15.2 i bPoblacht na hÉireann agus 13.4 i dTuaisceart Éireann.
- Le linn an dá thréimhse deich mbliana atá thart, d'ardaigh comhréir na leanaí a bhí ag máithreacha níos sine i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon. Bhain thart ar 60 faoin gcéad de gach breith i bPoblacht na hÉireann le máithreacha a bhí 30 bliain d'aois agus níos sine i gcomparáid le 50 faoin gcéad i dTuaisceart Éireann.
- Bhí rátaí báis in aghaidh 1,000 daonra níos ísle i bPoblacht na hÉireann i 2006 ag 6.5 i gcomparáid le 8.3 i dTuaisceart Éireann, ag léiriú struchtúr daonra níos óige i bPoblacht na hÉireann.

Tithíocht agus Teaghlaigh

- Tá comhréir níos airde de theaghlaigh le duine amháin nó beirt ag Tuaisceart Éireann, go ginearálta, ag thart ar 60 faoin gcéad i gcomparáid le thart ar 50 faoin gcéad i bPoblacht na hÉireann. Go contrártha, tá comhréir níos airde de theaghlaigh níos mó ag Poblacht na hÉireann le cúigear nó níos mó iontu, ag 15 faoin gcéad, i gcomparáid le thart ar 10 faoin gcéad i dTuaisceart Éireann.
- Mhéadaigh meán-phraghsanna tithe i bPoblacht na hÉireann faoi thrí idir 1996 agus 2006, fad is gur tháinig dúbailt ar phraghsanna i dTuaisceart Éireann le linn na tréimhse céanna.
- I bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon, bhí beagnach trí cheathrú de na teaghlaigh mar úinéirí ar a gcuid tithe go hiomlán nó trí mhorgáiste.

Sláinte

- Thar an tréimhse trí bliana, 2004-2006, thuairiscigh Poblacht na hÉireann go ginearálta go raibh laghdú ar rátaí báis caighdeánaithe curtha i leith galair imshruthaithe, a laghdaigh ó 241 go 207 in aghaidh an 100,000. I dTuaisceart Éireann, thit an ráta báis caighdeánaithe curtha i leith galair imshruthaithe freisin ó 232 go 205, in aghaidh an 100,000.
- D'úsáid comhréir níos airde den daonra, idir 15 agus 64 bliain d'aois, i dTuaisceart Éireann druga mídhleathach i rith a saoil i gcomparáid le Poblacht na hÉireann. I dTuaisceart Éireann, thuairiscigh 28 faoin gcéad den daonra gur úsáideadar drugaí mídhleathacha i gcomparáid le 24 faoin gcéad i bPoblacht na hÉireann.

Oideachas

- Idir 2000/01 agus 2006/07, bhí méadú de 4,229 ar líon iomlán na ndaltaí i scoileanna i bPoblacht na hÉireann. I dTuaisceart Éireann laghdaigh líon na ndaltaí gach bliain idir 2001/01 agus 2006/07, le titim de 18,080 in iomlán.
- I 2006/07, bhí thart ar 16 dalta in aghaidh an mhúinteora i scoileanna céad leibhéal i bPoblacht na hÉireann i gcomparáid le thart ar 21 i dTuaisceart Éireann.

Margadh Saothair

- Idir Earrach 1996 agus Earrach 2006, d'ardaigh an ráta fostaíochta ó 58.1 faoin gcéad go 70.8 faoin gcéad i bPoblacht na hÉireann agus ó 64.5 faoin gcéad go 68.8 faoin gcéad i dTuaisceart Éireann.
- Idir 1996 agus 2006, thit an ráta dífhostaíochta i bPoblacht na hÉireann ó 12.1 faoin gcéad go 4.5 faoin gcéad. I dTuaisceart Éireann, thit sé ó 9.7 faoin gcéad go 4.4 faoin gcéad.

Geilleagar

- Idir 1996 agus 2006, d'ardaigh an tOll-Bhreislúach (GVA) measta do Phoblacht na hÉireann le níos mó ná 186 faoin gcéad go €152.6 billiún. Bhí ardú beagnach 71 faoin gcéad go £26.4 billiún ar an GVA measta do Thuaisceart Éireann.
- Idir 1996 agus 2006, tháinig ardú de níos mó ná 145 faoin gcéad go €35,986 ar an Oll-Bhreislúach (GVA) in aghaidh an duine i bPoblacht na hÉireann. I dTuaisceart Éireann, ní raibh an t-ardú chomh fairsing céanna agus d'ardaigh GVA in aghaidh an duine le beagnach 63 faoin gcéad go £15,175 idir 1996 agus 2006.

Turasóireacht

- Idir 2005 agus 2006, thuairiscigh Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann araon méadú sa turasóireacht. Thuairiscigh Poblacht na hÉireann méadú 10 faoin gcéad i líon na gcuartheoirí le méadú 10 faoin gcéad comhfhreagrach i gcaiteachas ar thurasóirí, agus thuairiscigh Tuaisceart Éireann méadú beag i líon na dturasóirí ach le méadú 4 faoin gcéad i gcaiteachas.
- I dTuaisceart Éireann, bhí dul ar cuairt go cairde agus teaghlaigh mar an phríomhchúis le cuairteanna isteach i 2006, rud a rinne suas níos mó ná 46 faoin gcéad d'iomlán na gcuartheanna. Bhí saoirí, fóillíocht agus áineas mar phríomhchúis ag turasóirí le haghaidh cuairteanna isteach go dtí Poblacht na hÉireann i 2006, ag déanamh suas 49 faoin gcéad d'iomlán na gcuartheanna.

Iompar agus Timpeallacht

- Nuair a déantar comparáid le 1998, bhí líon na n-aistear a rinne paisinéirí ar iarnród i 2006, 34 faoin gcéad níos airde i bPoblacht na hÉireann agus 48 faoin gcéad níos airde i dTuaisceart Éireann.
- Sna deich mbliana ó 1997 go 2006, thaifead Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann araon arduithe suntasacha i méid trácht paisinéara aeir (méaduithe de 96 faoin gcéad agus 116 faoin gcéad faoi seach).
- I 1992, bhí 304 gluaisteán in aghaidh an 1,000 daonra ag Tuaisceart Éireann agus tháinig méadú 46 faoin gcéad go 443 gluaisteán ar seo i 2005. I 1992, bhí 242 gluaisteán in aghaidh an 1,000 daonra ag Poblacht na hÉireann agus tháinig méadú 66% ar an ráta seo go 402 gluaisteán in aghaidh an 1,000 daonra i 2005.

Talmhaíocht

- I bPoblacht na hÉireann, rinne táirgí eallaigh agus bainne suas thart ar trí cheathrú den luach iomlán measta d'aschur beostoic agus táirgí beostoic. I dTuaisceart Éireann, is féidir thart ar dhá thrian den iomlán a chur síos do tháirgí eallaigh agus bainne.
- Idir 1991 agus 2005, tháinig laghdú 21 faoin gcéad i bPoblacht na hÉireann agus 20 faoin gcéad i dTuaisceart Éireann ar an lucht saothair talmhaíochta iomlán.
- I dteannta leis an laghdú seo sa lucht saothair talmhaíochta, tá an-cuid feirmeoirí páirteach anois i ngníomhaíochtaí brabúsacha eile taobh amuigh den fheirmeoireacht. I 2005, bhí 44 faoin gcéad d'fheirmeoirí i bPoblacht na hÉireann tar éis páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht bhrabúsach eile, leis an bhfigiúr suite ag 37 faoin gcéad i dTuaisceart Éireann.

Coireacht

- Idir 2006 agus 2007, bhí méaduithe suntasacha i gcineálacha éagsúla coireachta i bPoblacht na hÉireann. D'áirigh siad seo calaois, dallamullóg agus coireanna bainteach leo (suas faoi 40 faoin gcéad), agus coireanna druga rialaithe (suas faoi 30 faoin gcéad).
- Idir 2005-06 agus 2006-07, bhí laghduithe i bhformhór na gcineálacha coireanna a taifeadadh i dTuaisceart Éireann. Cé go raibh an uimhir íseal go leor, bhí an méadú comhréireach is mó (36 faoin gcéad) i líon na gcoireanna bainteach le gáinneáil ar dhruaí a thaifeadadh.
- Laistigh den dá dhlínse rinne roisín cannabais suas an líon is mó urghabháil dhruaí agus an méid is mó drugaí a urghabhadh, araon. I bPoblacht na hÉireann bhí 3,587 urghabháil i 2006 (6,972 kg de roisín cannabais) agus i dTuaisceart Éireann, bhí 1,438 urghabháil i 2006-07, (3,684 kg de roisín cannabais).
- I 2006 bhí ráta na bpríosúnach faoi choimeád in aghaidh 100,000 den daonra ag 75 do Phoblacht na hÉireann agus 82 do Thuaisceart Éireann.
- Laistigh den dá dlínse, fuair an chuid is mó de na príosúnaigh faoi phianbhreith a bhí i gcoimeád ag deireadh Meán Fómhair 2007 breitheanna de suas le 5 bliana.

NÓTA D'EAGARTHÓIRÍ

1. Táthar tar éis é seo, an cheathrú eagrán de *Éire, Thuaidh agus Theas: Próifil Staidrimh*, a uasghrádú chun eolas níos mó suas chun dáta a sholáthar agus réimsí agus sonraí nua a thabhairt isteach le cuir i gcóimheas.
2. Tá an *Próifil* ar fáil ar chostas £10, ó:

Brainse Cláir AE agus Tuairiscithe Réigiúnach,
Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Tuaisceart Éireann,
Teach Mac Amhalaí,
2-14 Sráid an Chaisleáin,
Béal Feirste BT1 1SA.

Guthán: (028) 90 348127
Facs: (028) 90 348126

Agus ar chostas €12, ón:

Rannóg Faisnéise,
An Príomh-Oifig Staidrimh

Bóthar na Sceiche Airde,
Corcaigh

Guthán: (021) 4535011
Facs (021) 4535555

nó

Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais,
Sráid Theach Laighean,
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 6476879
Facs: (01) 6725449

Is féidir é a íoslódáil chomh maith, saor in aisce, ó shuíomh gréasáin an NISRA: www.nisra.gov.uk agus ó shuíomh gréasáin an CSO: <http://www.cso.ie>

3. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón:

Oifig Chumarsáide
An Roinn Airgeadais agus Pearsanra
Foirgnimh Craigtlet
Eastát Stormont
Bóthar Stoney
Béal Feirste
BT4 3SX

Guthán: (028) 90 527374
Facs: (028) 90 527149

Nó

Rannóg Faisnéise,
An Príomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde,
Corcaigh

Guthán: (021) 4535021
Facs (021) 4535555

Tá eolas ar fhoilseacháin staidrimh eile a rinne an Ghníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Tuaisceart Éireann ar fáil ar shuíomh gréasáin an NISRA: www.nisra.gov.uk

Tá eolas ar fhoilseacháin staidrimh eile a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an CSO: <http://www.cso.ie>